NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10617 — EDF / SOJITZ CORPORATION / NEBRAS POWER / KYUDEN INTERNATIONAL CORPORATION / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 35/04)

1. An 14 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EDF International S.A.S. (an Fhrainc), faoi rialú deiridh Electricité de France ("EDF" an Fhrainc),

— Nebras Power Q.P.S.C. ("Nebras", Catar), comhfhiontar idir Qatar Electricity agus Water Company O.P.S.C agus an Qatar Investment Authority (Catar),

— Sojitz Global Investment B.V. (an Ísiltír), faoi rialú deiridh Sojitz Corporation ("Sojitz", an tSeapáin),

— Kyuden International Corporation ("Kyuden", an tSeapáin), faoi rialú deiridh Kyushu Electric Power Co. Inc (an tSeapáin),

— an Comhfhiontar (an Úisbéiceastáin), cuideachta nuachruthaithe faoi rialú ag an gCuideachta Sealbhaíochta Comhfhiontair (an Ísiltír) atá nuachruthaithe freisin

Faigheann EDF, Nebras, Sojitz agus Kyuden rialú comhpháirteach ar an gComhfhiontar ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás EDF: bíonn sé gníomhach go príomha sna margaí leictreachais, go háirithe i nginiúint leictreachais (núicléach, in-athnuaite, iontaise) agus i réimse an mhórdhíola, na trádála, an tarchuir, an dáilte agus an tsoláthair, mar aon le bheith gníomhach sna margaí seirbhísí gáis agus fuinnimh agus i dtógáil, oibriú agus cothabháil gléasraí leictreachais agus líonraí cumhachta,

— i gcás Nebras: bíonn sé gníomhach in earnáil an fhuinnimh ghlain,

— i gcás Sojitz: bíonn sé gníomhach i réimse na gceimiceán, na n-acmhainní earraí bia, na gcríochfort gáis nádúrtha leachtaithe, sa réimse innealra, sa réimse páirteanna gluaisteán/aerárthaí agus i réimse an fhuinneamh, eadhon punann feirmeacha gaoithe ar an gcladach, agus i réimse an tsoláthair miondíola leictreachais agus gáis,

— i gcás Kyuden: bíonn sé gníomhach i dteicneolaíocht agus saineolas Kyushu a úsáid agus in earnáil an fhuinnimh i margaí lasmuigh den tSeapáin,

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

— i gcás an chomhfhiontair: beidh sé gníomhach i bhforbairt, úinéireacht, maoiniú, soláthar, tógáil, tástáil, coimisiúnú, oibriú, agus cothabháil gléasra úrnua giniúna cumhachta a bhfuil 1,200-1,600 MW d'acmhainn giniúna cumhachta aige, mar aon leis an mbonneagar agus na saoráidí lena mbaineann, agus beidh an gléasra sin lonnaithe in Syrdarya, Poblacht na hÚisbéiceastáine, agus soláthróidh sé leictreachas do Rialtas na hÚisbéiceastáine ón ngléasra.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10617 — EDF / SOJITZ CORPORATION / NEBRAS POWER / KYUDEN INTERNATIONAL CORPORATION / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.